Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)

9706/26
PV CONS 32
AGRI 418
PECHE 195
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

26 Bealtaine 2026

**1. An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9141/26.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9493/26 + COR 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

TALMHAÍOCHT

**3. Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán san Aontas – Tacú le feirmeoirí agus córais bhia athléimneacha a chur chun cinn** [2] 8756/26
*Malartú tuairimí*

Pléadh mír 3 agus mír 5(a) le chéile.

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle agus thug sí dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir lena bplean gníomhaíochta maidir le leasacháin.

4. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann leis an trádáil 9396/26
*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

**5.** Talmhaíocht

**(a) Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta an Leasacháin: Comhpháirtíocht chun infhaighteacht, inacmhainneacht agus uathriail straitéiseach a áirithiú i leasacháin dhúchasacha an Aontais** [2] 9437/26 + ADD 1
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Pléadh mír 3 agus mír 5(a) le chéile.

**(b)** **Cruinniú de Stiúrthóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (an Chipir, an 28-30 Aibreán 2026)** 9310/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

(c) **Staid nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i dtalmhaíocht na Slóvaice mar gheall ar thriomach foircneach – Faisnéis ón tSlóvaic** 9301/26
*Faisnéis ón tSlóvaic*

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil agus a raibh le rá ag na toscaireachtaí

**(d)** **Brú ollmhór ar an talmhaíocht san Aontas – ní mór don Aontas gníomhú** 9389/26
*Faisnéis ón Ostair, ón bhFrainc agus ón Iodáil*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair, an Fhrainc agus an Iodáil ar fáil, agus le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón bhFionlainn, ón nGréig, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón Spáinn. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(e)** **Aicmiú soighe faoi mhodheolaíocht ILUC: Comhleanúnachas bheartais an Aontais a chinntiú agus táirgeadh próitéine intíre a chosaint** 9325/26
*Faisnéis ón Ostair*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil, le tacaíocht ón Ungáir, ón bPolainn agus ón Rómáin. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(f)** **An staid dheacair leanúnach in earnáil déiríochta na Liotuáine** 9300/26
*Faisnéis ón Liotuáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Liotuáin ar fáil agus a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(g)** **Iarraidh ar mhaolú a thabhairt isteach ar riail N+ 2 faoi Phlean Straitéiseach CBT don Talmhaíocht agus don Fhorbairt Tuaithe le haghaidh na tréimhse 2023-2027** 9236/26
*Faisnéis ón mBulgáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir ar fáil, le tacaíocht ón tSeicia, ón nGréig, ón Ungáir, ón Rómáin agus an tSlóvaic. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(h)** **Dúbláil critéar agus táscairí a sheachaint agus tairseacha nó raonta le haghaidh bainistiú inbhuanaithe foraoisí a thabhairt isteach** 9263/26
*Faisnéis ón tSualainn, ón Ostair, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil, thar ceann na hOstaire, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na hIodáile, na Laitvia, na Slóivéine agus na Sualainne, agus le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón Eastóin, ó Lucsamburg, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóvaic. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

**(i)** **Cruinniú Ard-Stiúrthóirí um Fhoraoisí (Paphos, an 27-29 Aibreán 2026)** 8859/26
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht agus a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

Iascach

**(j) Cur chuige comhpháirteach a iarraidh chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair a bhíonn ag creachadóirí a itheann éisc, go háirithe an broigheall** ☐ 9449/1/26 REV 1
*Faisnéis ón tSeicia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil, le tacaíocht ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSualainn. Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag na toscaireachtaí.

---

☐ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)